

An Cnoc-Spidéal, Tuaim

Is pobal fíorGhaeltachta an pobal seo, le 700 muirín, a shíneann idir droichead an Spidéil siar go droichead Chasla ach ceantar na Minna agus Ros a' Mhíl a fhágáil as. Bhí an ceantar i bparóiste Chill Ainnín, deoise Eannachdúin, fadó agus tugadh Cill Ainnín ó dheas agus Cois Fharraige air. Siad Naomh Ainnín as Co. na Mí, a bhfuil a lá féile ar 18ú Eanáir, agus Naomh Colmcille, a bhfuil a lá féile ar 9ú Meitheamh, Naomh-Phatrúin an Pharóiste. Tá dhá shéipéal sa bparóiste faoi láthair – Séipéal Naomh Ainnín ar an gCnoc a tógadh i 1844 agus séipéal Naomh Colmcille ar an Tulaigh a tógadh i 1964 – an chéad séipéal in Éirinn agus sa mBreatain a bhí cóirithe don sagart leis an Aifrinn a léamh iompaithe i dtreo an phobail.

De réir an tseanchais, bhí séipéal sa reilig sa gCloch Mhór agus foirgneamh eile sa gCoill Rua fadó. Bíonn Aifreann á léamh fós ar lá an Phatrúin sa gCloch Mhór ar fhéile Naomh Colmcille. Léitear an tAifreann faoi dhó sa mbliain i scór bailte ag na Faoistíneacha nó na Stáisiúin. Tá fothrach de sheanséipéal a tógadh sna Creagáin i 1780 agus ar ndóigh críochnaíodh seanséipéal na Tulaí i 1870 le freastal ar an dá Spidéal Deoise Thuama agus na Gaillimhe.

Faoin teideal Oideachas tá: Naíolann agus dhá Naíonra; Scoil Náisiúnta Sailearna le 200 gasúr; Scoil na Tulaí le 108 gasúr; Coláiste Cholmcille le 240 duine óg; Seanscoil Sailearna mar Ionad Oideachais 3ú leibhéal; Na Coláistí Gaeilge le freastal ar na céadta Gaeilgí.

Is é Cumann Mhicheál Breathnach an club áitiúil a eagraíonn cúrsaí spóirt; Comhar Chreidmheasa Cholmcille a eagraíonn cúrsaí airgid. Tá

Amharclann na nÓg ag eagrú cúrsaí drámaíochta is ceoil agus tá Comharchumann Shailearna ag freastal ar riachtanais an phobail. Tá monarchana againn le saothrú a chur ar fáil agus buíochas mór le Dia, tá seolta an Bháid Bháin stríoctha sa bpobal seo.

Tá meas mór againn ar a bhfuil sean sa bpobal – na daoine a d'fhág oidhreacht láidir chreidimh, chultúir agus teanga againn agus tá 40 tithe beaga chomh maith le hIonad Lae curtha ar fáil i dTearmann Ainnín agus i dTearmann Éanna le freastal ar a riachtanais.

'Dáiríre tá forbairt mhór déanta sa bpobal seo le blianta beaga anuas. Tá Aerfort áitiúil againn le freastal ar an té a bhfuil deifir go Gaillimh air agus slacht coinnithe ar an dá reilig le freastal ar dhaoine ón bpobal a bhfuil fonn orthu an tsíoraíocht a chaitheamh linn sa mbaile ar an gcladach abhus.

An tAth. Micheál Ó Flannabhra



Oscailt Grúpscéim Cnoc-Minna 8 Nollaig 1974. An bhfuil tú ann?